AN COIMISIÚN EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA

Strasbourg, 15.2.2022
JOIN(2022) 4 final

**TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Cur Chuige AE i leith Bainistiú Spástráchta**
**Rannchuidiú de chuid an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán domhanda**

GA GA

# 1 RÉAMHRÁ

I bhfianaise mhéid shíor-mhéadaitheach an smionagair spáis agus mar gheall ar an méadú as cuimse atá ag teacht ar thrácht sa spás, is i méid atá an plódú sa spás ag dul, rud atá ina bhagairt ar inmharthanacht agus slándáil an bhonneagair spáis agus oibríochtaí sa spás. Ní fhacthas an oiread réad sa spás riamh cheana agus is riosca réadúil, dáiríre é seo a théann i bhfeidhm ar ghnáth-oibríochtaí ar fithis gach aon lá, riosca **lena gcruthaítear bagairt dhíreach ó thaobh sábháilteachta agus slándála de le haghaidh trácht ar fithis agus inbhuanaitheacht sa spás.** Tá uair na cinniúna buailte linn: mura n-éiríonn linn teacht ar bhealaí chun an spástrácht a bhainistiú, cuirfidh ar ngníomhaíochtaí reatha agus roimhe seo sábháilteacht, slándáil agus inbhuanaitheacht an chianspáis i mbaol agus, mar thoradh air sin, cuirfear i mbaol ár gcumas brath ar an spás feasta mar chumasóir i leith príomh-sheirbhísí a théann chun tairbhe don duine.

Tá imeachtaí gar-ghaobhardaíochta i nDomhanfhithis Íseal (LEO) ag éirí níos coitianta de réir mar a thagann méadú ar líon na satailítí mar gheall ar iomadú na meigea-bhuíonta satailítí. Tá méadú ag teacht ar líon na n-imeachtaí a tharla le déanaí a d'fhéadfadh torthaí tubaisteacha a bheith leo. Mar gheall ar an líon do-áirimh réad spáis inrianaithe agus neamh-inrianaithe atá ann agus i ngeall ar luas mear na n-oibríochtaí spáis, tá méadú as cuimse ar an mbaol go bhféadfadh imeachtaí tarlú san am atá romhainn. **Leis na hiarmhairtí féideartha is féidir nach mbeifear in ann fithisí áirithe a úsáid ar feadh na mblianta fada feasta; agus mar thoradh teagmhasach, d'fhéadfadh sé go mbainfí d'éifeacht na n-oibríochtaí sa spás nó go gclisfeadh orthu**. Ag féachaint dár spleáchas méadaitheach ar shonraí agus seirbhísí ón spás, baineann riosca straitéiseach ard-leibhéil leis na fadhbanna deiridh a luadh, agus d'fhéadfadh sé cur isteach ar sheirbhísí tábhachtacha amhail seirbhísí cumarsáide, seirbhísí cosanta sibhialta agus seirbhísí práinnfhreagartha. I gcás ina gcuirfí isteach ar sholáthar sonraí agus seirbhísí domhanda an Aontais maidir le Suí , Loingseoireacht agus Uainiú (PNT) agus Faire na Cruinne, nó i gcás ina mbainfí d'éifeacht an tsoláthair sin, bheadh tionchar díreach aige sin ar fholláine saoránach Eorpach, agus ar an gcaoi sin chuirfí teorainn lenár saoirse gníomhaíochta.

I gcomhthéacs ina bhfuil ag méadú ar an iomaíocht i dtimpeallacht an spáis, rannchuideoidh Bainistiú an Spástráchta (STM) le **gnéithe slándála agus cosanta** an Aontais sa spás. Is príomhchumasóirí le haghaidh inniúlachtaí cosanta agus sibhialta iad na seirbhísí ón spás. Mar gheall ar an mianach straitéiseach a bhaineann leo, táthar ag déanamh cineálacha éagsúla bagairtí ar shócmhainní sa spás. Dá gcuirfí isteach orthu dhéanfaí difear tromchúiseach do chumas an Aontais agus a Bhallstát iad féin a chosaint. Ina theannta sin, dá laghdófaí riosca na n-imbhuailtí le linn fithise chuirfí feabhas ar athléimneacht an bhonneagair sa spás, lena n-áirítear na satailítí sin a thacaíonn le feidhmeanna cosanta agus slándála. Is den rí-thábhacht mar sin go dtógfaí inniúlachtaí de chuid an Aontais ó thaobh Faireachas agus Rianú Spáis atá neamhspleách – ach idiroibritheach lenár bpríomh-chomhpháirtithe – chun tacú le STM. Dá ndéanfaí iarracht dhomhanda STM chuirfí freisin leis an trédhearcacht agus le cothú na muiníne go ginearálta, agus chuideodh sé chun míthuiscintí a sheachaint agus chun teannas a mhaolú i gcás imeachtaí.

Ó tharla gur acmhainn í an timpeallacht fhithiseach a roinntear go domhanda, tá oibreoirí spáis ar fud an domhain idirspleách ar leibhéil éagsúla. Dá bharr sin, má táthar chun STM a bhunú ní mór do na gníomhaithe spásródaíochta uile iad féin a dhílsiú don togra.

Is mór-ghníomhaí spásródaíochta idirnáisiúnta é an tAontas Eorpach ag a bhfuil Beartas Eorpach Spáis agus Clár Spáis dá chuid féin, lena n-áirítear comhpháirteanna um Shuí,

Loingseoireacht agus Uainiú (PNT) agus Faire na Cruinne. Dá bhrí sin tá leas dlisteanach ag an Aontas, agus tá oibleagáid air, a bheith ag rannchuidiú go gníomhach leis an díospóireacht dhomhanda agus seasamh ar leith a ghlacadh maidir le múnlú na ngníomhaíochtaí is gá ó thaobh spástrácht a bhainistiú. **Cuireann an tAontas cur chuige iltaobhach chun cinn cheana chun a áirithiú go gcaomhnófar sábháilteacht agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach gníomhaíochtaí sa chianspás, ionas go ndéanfar bagairtí agus rioscaí i leith na gcóras spáis uile a laghdú.** Tá an tAontas tar éis a bheith i mbun caomhnú le blianta fada ar chianspás sábháilte, inbhuanaithe, socair agus slán agus tá sé tiomanta i gcónaí i leith úsáid shíochánta a bhaint as an gcianspás.

I sraith doiciméad beartais ardleibhéil ina n-áitítear gur mithid gníomhú, d'aithin an Chomhairle, an Coimisiún agus an tArdionadaí go bhfuil gá le chur chuige AE i leith STM chun dul i ngleic leis na dúshláin ilghnéitheacha dhomhanda atá roimh shábháilteacht, slándáil agus inbhuanaitheacht oibríochtaí sa spás[1].

In éagmais creat rialála idirnáisiúnta, tá roinnt tionscnamh poiblí agus príobháideach ann a fhéachann le haghaidh a thabhairt ar shábháilteacht agus slándáil oibríochtaí sa spás. Sa rás atá ar siúl chun timpeallacht shlán sa spás a bhunú ionas go ráthófar an tslándáil ar domhan **ní mór don Aontas Eorpach gníomhú anois, go mear, i gcomhar le chéile agus go daingean**.

**Is é is cuspóir don Teachtaireacht Chomhpháirteach seo cur chuige coincréiteach AE i leith STM a leagan amach le haghaidh úsáid shábháilte, inbhuanaithe agus shlán a bhaint as an spás, lena gcaomhnaítear leasanna an Aontais i gcomhlíonadh iomlán inniúlachtaí an Aontais agus a Bhallstát faoi seach**.

## 2 AN RIACHTANAS LE hAGHAIDH CUR CHUIGE AE I LEITH STM

I bhfianaise na heaspa norm agus caighdeán idirnáisiúnta atá ann, tá an riachtanas go leanfaidh an tAontas air i mbun ceapadh beartais agus gníomhaíochta ó thaobh STM de ag brath ar roinnt ceisteanna príomhúla – ar theorainneacha an réimse beartais phoiblí seo atá ag forbairt go mear, ar na príomh-ghníomhaithe atá ag áitiú go ndéanfaí gníomhaíocht, agus ar conas a d'fhéadfadh an tAontas freagairt do na héilimh a bhaineann leis an dúshlán domhanda seo.

### 2.1 An sainmhíniú ar STM

Is é an chéad saincheist nach mór aghaidh a thabhairt uirthi **an easpa comhthola atá ann** maidir le **sainmhíniú soiléir, arna chomhaontú go hidirnáisiúnta,** i dtaobh cad is STM ann maille lena phríomh-chuspóirí[2]. Fad is nár thángthas go fóill ar shainmhíniú comhaontaithe ar an téarma ar an leibhéal idirnáisiúnta, i bhfianaise líon síor-mhéadaitheach na ngníomhaithe agus

[1] Ar an 22 Feabhra 2021, ghlac an Coimisiún Plean Gníomhaíochta maidir le sineirgí idir na tionscail shibhialta, chosanta agus spáis, inar fógraíodh go seolfar dian-idirphlé agus dian-obair fhorbartha i leith tionscadal suaitheanta STM. I mBealtaine 2021 d'eisigh an Chomhairle Iomaíochais conclúidí maidir le 'Spás Nua do Dhaoine' inar cuireadh i dtábhacht 'an tábhacht a bhaineann le cur chuige i leith Bainistiú Spástráchta (STM) don Eoraip sa todhchaí a fhorbairt chomh maith le treoir-chaighdeáin dhomhanda'. Tá próiseas an Compáis Straitéisigh á phlé faoi láthair sa Chomhairle agus aithnítear ann an tábhacht a bhaineann le cur chuige AE i leith STM a fhorbairt mar rannchuidiú úsáideach i ndáil le cuspóirí an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála de chuid an Aontais.

[2] Moladh sainmhínithe éagsúla i roinnt fóram polaitiúil, acadúil agus idirnáisiúnta. Ag an am céanna, cuireadh leis an gcastacht a bhaineann le STM a shainmhíniú de réir mar a tháinig coincheapa nua chun cinn, amhail Sábháilteacht Spástráchta (STS), Comhordú Spástráchta (STC), agus Bainistiú agus Comhordú Spástráchta (STCM).

na réad sa spás, ní féidir fanacht a thuilleadh sula ndéanfar an bonneagar sa spás a chosaint agus sula ráthófar úsáid shábháilte agus inbhuanaithe an spáis go fadtéarmach.

Bunaithe ar staidéar cuimsitheach ar na sainmhínithe agus na cuir chuige[3] agus d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh ar leibhéal an Aontais, sa Teachtaireacht seo sainmhínítear **STM mar an modh agus na rialacha maidir leis an gcianspás a rochtain, oibríochtaí a sheoladh ann, agus filleadh uaidh ar bhonn sábháilte, inbhuanaithe agus slán.**

Baineann STM leis na heilimintí seo a leanas:

a) gníomhaíochtaí Fheasacht Staide an Spáis (SSA), lena n-áirítear Faireachas agus Rianú Spáis (SST); agus
b) maolú agus feabhsú smionagair fithisigh;
c) fithisí sa spás agus speictream raidió a bhainistiú;
d) saolré iomlán na n-oibríochtaí sa spás lena n-áirítear céim an tseolta, oibríochtaí an spásárthaigh le linn fithise, agus oibríochtaí deiridh ré dí-fhithise;
e) céim ath-iontrála an spásárthaigh isteach san aerspás (idir rialáilte agus neamhrialáilte).

Fanann an **sainmhíniú infheidhme seo dinimiciúil** agus d'fhéadfadh a thuilleadh forbartha teacht air le linn na bpléití maidir le STM atá le tarlú ar leibhéal an Aontais agus idirnáisiúnta, ina sonrófar agus lena gcomhlánófar na gcéimeanna éagsúla de na gníomhaíochtaí thuas.

## 2.2 An géarghá le gníomhú

Táthar tar éis úsáid thráchtála a bhaint as córais spáis ar feadh 50 bliain, agus anois **is géire go mór** an gá atá le cur chuige AE i leith STM. Ina bpríomhghné de tá ceithre fhorbairt as a chéile in earnáil an spáis. Mar gheall ar na **spreagthóirí** sin, lena n-áirítear an plódú agus réimse níos leithne gníomhaithe a bheith i dtimpeallacht an spáis, ní féidir déanamh gan STM agus éilítear freagra domhanda ó thaobh déanamh beartais de.


Ar an gcéad dul síos, tá **gnéithe eacnamaíocha an spáis ag athrú le teacht ré 'an spáis nua'**[4]. Tá laghdú seasta ag teacht ar an gcostas a bhaineann le satailítí a sheoladh isteach sa spás, go háirithe i ngeall ar úsáid lainseálaithe in-athúsáidte agus forbairt micrea-lainseálaithe. Ag an am céanna, tá an costais a bhaineann le pálastaí a thabhairt isteach sa spás á laghdú le forbairt na satailítí beaga. Ar an gcúis sin mealladh caipiteal fiontair chuig an earnáil ó tharla go bhfuil an toradh féideartha ar infheistíocht ag fás.

Is é is toradh do thimpeallacht eacnamaíoch athraitheach na ngníomhaíochtaí spáis **go bhfuil méadú mór ar líon na satailítí ar fithis**, go háirithe le forbairt na meigea-bhuíonta satailítí, mar a thugtar orthu. Ó thosach an spásráis, rinneadh thart ar 6 000 lainseáil lenar cuireadh 11 800 satailít ar fithis a bhfuil 4 550 díobh ag feidhmiú faoi láthair[5]. Meastar go ndéanfar níos mó ná 20 000 satailít bhreise a lainseáil sna deich mbliana amach romhainn[6]. Cuireann an líon

[3] Treoirthionscadal maidir le Bainistiú Spástráchta – Tábhacht an Bhainistithe Spástráchta (STM) ag dul i méid
[4] Sainmhíniú ar an Spás Nua: cuideachtaí príobháideacha, FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn teicneolaíochtaí agus feidhmeanna spáis nua
[5] Foinse: Eurospace. Lainseáladh níos mó ná 470 spásárthach gach bliain in 2017, 2018 agus 2019, cé nár lainseáladh ach 110 spásárthach ar an meán in aghaidh na bliana idir 2000 agus 2013
[6] Liosta táscach: Space X Starlink, Amazon Kuiper, an rath a bhí ar One Web, Boeing V-band, Iceye, Kepler, Telesat LEO, Spire, Theia, etc.

méadaitheach satailítí seo le castacht na n-oibríochtaí sa spás agus fágann sé nach féidir spásárthach a oibriú go sábháilte gan aird a thabhairt ar spásárthaigh eile.

Ar an dara dul síos, mar thoradh ar an ardú ar líon na satailítí agus ar mhéadú na gníomhaíochta spástráchta cuirtear le **méid an smionagair a ghintear agus leis an riosca imbhuailtí** (féach Tábla 1). Inniu cheana, tá thart ar 128 milliún píosa smionagair is lú ná 1 cm ar fithis timpeall an Domhain, agus thart ar 900 000 píosa de mhéideanna idir 1 cm agus 10 cm. Seasann an cuntas reatha ar smionagar mór (arna shainmhíniú mar phíosa 10 cm nó níos mó) ag 34 000[7].




***Tábla 1: Imeachtaí = riosca nó ard-riosca imbhuailte idir dhá spásréad arna bhrath ag SST an Aontais.***

Ar an tríú dul síos, tá méadú ar an iomaíocht sa spás le himeacht aimsire, **rud atá ina bhagairt ar shlándáil agus athléimneacht** shócmhainní spáis an Aontais agus na mBallstát agus lena gcuirtear chun suntais an gá práinneach atá le hidirphlé idirnáisiúnta chun go ndéanfaidh gníomhaithe stáit agus neamhstáit noirm iompraíochta freagraí sa chianspás a chomhaontú agus a chur chun feidhme. Maidir le LEO go háirithe, an limistéar cianspáis timpeall an Domhain a chuimsíonn gach fithis is ísle ná 2 000 km agus atá ina limistéar baile don Stáisiúin Spáis Idirnáisiúnta agus do na mílte satailítí eile, tá limistéar guaiseach á dhéanamh de mar thoradh ar smionagar spáis agus spásárthaigh do-oibrithe atá ar fithis ar luasanna an-ard. Le linn cascáide méadaíonn gach imbhualadh an dóchúlacht go dtarlóidh tuilleadh imbhuailtí agus le himeacht aimsire is mó is dócha go bhfuil cascáid ina riosca dáiríre d'inoibritheacht LEO. [8]

Ar an gceathrú dul síos, cé go bhfuil na trí cinn d'fhorbairtí idirnasctha seo ar dul ar aghaidh, níl ann faoi láthair ach **'rialacha bóthair' domhanda an-teoranta maidir le hiompar sa chianspás**. D'ainneoin torthaí suntasacha a bheith bainte amach ar leibhéal na Náisiún

[7] Foinse: GES
[8] Cascáid ina ngineann gach imbhualadh smionagair spáis.

Aontaithe (NA)[9], tá constaicí suntasacha taidhleoireachta agus polaitiúla roimh chur chuige cuimsitheach a fhorbairt ar an leibhéal idirnáisiúnta, rud a chuireann leis an bpráinn chun gníomhú.

**I bhfianaise na bhforbairtí sin, tá géarghá ann go ngníomhóidh an tAontas Eorpach agus go bhforbróidh sé cur chuige AE i leith STM.**

### 2.3 Ag gá le gníomhú i gcomhar le chéile

De bhrí gur leis an Domhan an spás agus **nach bhfuil sé faoi réir teorainneacha náisiúnta**, tá teorainn le cumas tíre amháin oibleagáidí dlíthiúla a fhorchur ar thír eile, fiú i gcás ina dtabharfadh náisiúin mhóra spásródaíochta aghaidh ar dhúshlán STM trí threoirlínte náisiúnta a ghlacadh, amhail SAM a ghlac Space Policy Directive 3 in 2018[10].

Más mian le Ballstáit agus leis an Aontas a sócmhainní sa spás a chosaint, is den ríthábhacht oibriú ar chur chuige comhchoiteann ina mbeidh na páirtithe leasmhara AE uile rannpháirteach. Cuirfidh sé sin le hathléimneacht an Aontais trí spleáchais theicneolaíocha a sheachaint, áiritheoidh sé neamhspleáchas straitéiseach trí inniúlachtaí an Aontais a fhorbairt, agus ráthóidh sé comhar idir comhpháirtithe, go háirithe trí ualaí a roinnt.

Tá **an tAontas i riocht maith chun gníomhú, ó tharla gur féidir leis riachtanais a shainaithint, ceanglais a bhailiú le chéile, tuairimí páirtithe leasmhara a chomhtháthú, an teicneolaíocht a ghiaráil agus rannpháirtíocht sheachtrach a chomhordú.** Beidh **cur chuige AE i leith STM ag tógáil ar cheithre bhealach** a forbraíodh go comhthreomhar 1) tionchair agus ceanglais STM i leith an Aontais a mheasúnú, 2) inniúlachtaí oibríochtúla an Aontais a fheabhsú chun tacú le STM, 3) gnéithe rialála STM a chothú agus 4) cur chuige AE i leith STM a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta.

## 3 TIONCHAIR AGUS CEANGLAIS STM I LEITH AN AONTAIS A MHEASÚNÚ

Teastaíonn ón Aontas **tuiscint shoiléir ar na ceanglais agus ar an tionchar féideartha a bhaineann le forbairtí STM** ar pháirtithe leasmhara éagsúla Eorpacha. Seachas a bheith in ann riachtanais a bhailiú le chéile agus ceanglais a leagan síos, baineann sé sin le páirtithe leasmhara éagsúla thar na pobail shibhialta agus mhíleata a shlógadh agus cóineasú a áirithiú ar leibhéal comhchoiteann.

Bunóidh an Coimisiún agus an tArdionadaí, laistigh dá n-inniúlachtaí féin, **próiseas comhairliúcháin agus idirphlé le páirtithe leasmhara ábhartha uile an Aontais** chun measúnú a dhéanamh ar na riachtanais agus na tionchair a bhaineann le STM ar réimsí éagsúla beartais an Aontais. Mar shampla, i réimse an iompair, go háirithe an Eitlíocht inar gá comhsheasmhacht a áirithiú idir bainistiú spástráchta agus bainistiú aerthráchta, chun sábháilteacht, slándáil agus feidhmíocht inbhuanaithe na heitlíochta a áirithiú go sonrach, mar gheall ar an méadú ar thrácht ag dul isteach sa spás agus ag teacht amach as, agus ó smionagar neamhrialaithe ag teacht isteach san aerspás athuair. Mar thoradh air sin, ba cheart comhar a chothú idir na gníomhaithe agus na húdaráis éagsúla. Chuige sin, bunófar **sásra comhairliúcháin cuimsitheach agus trédhearcach** chun seasaimh na bpáirtithe leasmhara atá

[9] In 2018, d’fhorbair COPUOS 21 treoirlíne maidir le hinbhuanaitheacht fhadtéarma na ngníomhaíochtaí sa chianspás.
[10] https://trumpwhitehouse.archives.gov/presidential-actions/space-policy-directive-3-national-space-traffic-management-policy/

i gceist a bhailiú, lena n-áirítear tionscal spáis an Aontais. Trí idirphlé rialta maidir le STM tabharfar aghaidh, inter alia, ar riachtanais shonracha an éiceachórais Eorpaigh.

Cé go ndearbhófar an prionsabal go mbeidh STM sibhialtach faoi rialú sibhialtach, ba cheart do chur chuige an Aontais i leith STM **riachtanais shonracha na cosanta agus na slándála a chur san áireamh freisin** mar dhlúthchuid de chultúr comhchoiteann straitéiseach le haghaidh réimse an spáis**.** Maidir leis na riachtanais agus srianta cosanta le haghaidh STM, d'fhéadfadh baint a bheith acu le satailítí míleata, pálastaí míleata nó satailítí agus seirbhísí sibhialtacha a oibriú, ag a mbeidh úsáideoirí míleata, amhail Sheirbhís Phoiblí Rialáilte (PRS) Galileo. D'fhéadfadh riachtanais a bheith ag an lucht míleata freisin a bhaineann le réimsí sonraí oibríochta amhail misin agus oibríochtaí faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta.

Is iad an Coimisiún agus an tArdionadaí a bhaileoidh na riachtanais shibhialta agus mhíleata agus déanfaidh siad anailís ar thionchar STM thar réimsí éagsúla beartais an Aontais, agus tabharfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GES) tacaíocht dóibh ó thaobh na riachtanais shonracha mhíleata atá i gceist a chomhdhlúthú agus ó thaobh gníomhú mar chomhéadan míleata le haghaidh STM.

**Gníomhaíocht 1:**

Faoi lár 2022, bunóidh an Coimisiún agus an tArdionadaí sásra comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ábhartha uile an Aontais. Faoi thús 2023 baileoidh sé sin le chéile na ceanglais shibhialta agus mhíleata i dtreo chur chuige AE i leith STM agus coinneoidh sé idirphlé rialta ar bun maidir le forbairtí a bhaineann le STM lena gcumhdaítear riachtanais shibhialta agus mhíleata araon. Mar chuid den sásra sin, oibreoidh GEC leis na Ballstáit chun riachtanais mhíleata a chomhdhlúthú.

## 4 INNIÚLACHTAÍ OIBRIOCHTÚLA AN AONTAIS A FHEABHSÚ CHUN TACÚ LE STM

Chun gníomhaíochta STM a dhéanamh is gá a bheith in ann spástrácht a bhreathnú go leanúnach. Is é **Faireachas agus Rianú Spáis (SST) an Aontais an colún oibríochtúil** le haghaidh chur chuige AE i leith STM. Soláthraíonn Cuibhreannas SST an Aontais[11] sonraí, faisnéis agus seirbhísí a bhaineann le faireachas agus rianú réad spáis atá ar fithis timpeall na Cruinne. Cuirfear Comhpháirtíocht SST an Aontais ina ionad i gcomhréir leis an Rialachán lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais ('Rialachán an Spáis')[12]. Cuimseoidh an Chomhpháirtíocht nua sin níos mó Ballstát atá toilteanach dul isteach inti agus soláthróidh sí seirbhísí breise le haghaidh úsáideoirí idirnáisiúnta agus Eorpacha[13].

[11] Is é Cuibhreannas SST an Aontais a bunaíodh le Cinneadh 541/2014/AE an t-eintiteas a dhéanann seirbhísí SST an Aontais a sheachadadh. Tá seacht mBallstát ann, mar atá, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin agus an Spáinn.

[12] Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69–148.

[13] Soláthraíonn Rialachán an Spáis buiséad EUR 200 milliún le haghaidh SST.

## 4.1 I dtreo Faireachas agus Rianú Réad Spáis de chuid an Aontais atá uathrialach

Tá an obair a rinne Cuibhreannas SST an Aontais ó 2014 tar éis an bealach a réiteach chun forbairt a dhéanamh ar **chosaint éifeachtach agus iontaofa a thabhairt do shócmhainní spáis an Aontais, go háirithe satailítí de chuid Chlár Spáis an Aontais Eorpaigh, a Bhallstát agus oibreoirí spáis eile** atá tar éis clárú leis an tseirbhís.

Inniu, soláthraíonn SST an Aontais seirbhísí seachanta imbhuailtí[14] do níos mó ná 260 satailít atá suite i nDomhanfhithis Íseal, i nDomhanfhithis Mheánach agus i bhFithis Gheochobhsaí trí shócmhainní sibhialta agus míleata na mBallstát a bhfanann faoi rialú an Aontais agus a Bhallstát dá bhforáiltear i Rialacháin an Spáis. Mar chuid de chomhpháirt Fheasacht Staide an Spáis de Chlár Spáis an Aontais, is é SST an Aontais an **phríomh-inniúlacht oibríochtúil** le haghaidh STM AE sa todhchaí. Tacaíonn sé freisin le beartais eile de chuid an Aontais a éilíonn cinnteoireacht uathrialach[15].

Chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin STM, ní mór don Aontas a chuid inniúlachtaí SST a fhorbairt a thuilleadh go dtí leibhéal leordhóthanach neamhspleáchais, agus an obair leanúnach a dhéanann na Ballstáit á cur san áireamh, lena n-áirítear i gcreat an Chiste Eorpaigh Cosanta (EDF). Éilítear leis sin:

- *Feabhas a chur ar fheidhmíocht sheirbhísí SST an Aontais agus seirbhísí breise SST a fhorbairt* – Is gá feidhmíocht na n-inniúlachtaí oibríochtúla a threisiú chun dúshláin oibríochtúla STM sa todhchaí a bharraíocht; is gá seirbhísí nua a fhorbairt chun an tAontas a ullmhú i gcomhar dhúshláin oibríochtúla STM; agus
- *Teicneolaíochtaí nua a úsáid* – Cuirtear teicneolaíochtaí nua i bhfeidhm cheana inniu; ní mór treisiú lena n-úsáid, áfach, in oirchill na ndúshlán nua a eascraíonn as STM.
- *Rannpháirtíocht éiceachóras tionsclaíoch an Aontais* –rannchuidíonn earnáil thionsclaíoch an Aontais cheana le SST an Aontais; d'fhéadfaí a n-acmhainneacht a ghiaráil a thuilleadh, áfach, maidir le FBManna agus cuideachtaí nuathionscanta, ag tógáil ar na seirbhísí poiblí arna seachadadh ag SST an Aontais.

## 4.2 Seirbhísí SST an Aontais a fheabhsú agus a leathnú

Soláthraíonn SST an Aontais seirbhísí atá bunaithe go príomha ar chatalóg réad spáis na Stát Aontaithe (SAM), lena gcomhlánaítear an chatalóg sin níos mó agus níos mó lena sonraí agus catalóga náisiúnta féin. Is é an breisluach AE is mó a bhaineann le SST an Aontais go soláthraítear leis tasc idirmheánach i gcás imeachtaí ard-spéise, mar shampla sonraí níos cothroime le dáta agus níos beaichte a tháirgeadh trí thascanna a thabhairt do shócmhainní SST an Aontais agus trí shonraí a phróiseáil.

Go dtí seo, tá sonraí á soláthar ag SAM maidir le réada spáis is mó ná 10 cm agus leanann siad orthu ag feabhsú a gcatalóige. Chun a athléimneacht a mhéadú trí éagsúlacht foinsí, chun a uathriail straitéiseach a áirithiú agus chun tacú le comhar idir comhpháirtithe, go háirithe trí

[14] Le hAirteagal 55 1) a) de Rialachán an Spáis déantar an tseirbhís Seachanta Imbhuailtí a sholáthraíonn SST AE a shainmhíniú mar a leanas: measúnú ar riosca an imbhuailte idir spásárthaigh nó idir spásárthaigh agus smionagar spáis agus foláirimh a d'fhéadfaí a thabhairt maidir le seachaint imbhuailte le linn chéimeanna na lainseála, na luathfhithise, an ardaithe fithise, oibríochtaí le linn fithise agus céimeanna diúscartha de mhisin spásárthach.

[15] Mar shampla, cosaint shibhialta i gcás ath-iontráil chontúirteach réad spáis, agus CBES/CBSC mar a mheabhraítear sa Chompás Straitéiseach

ualaí a roinnt, **is gá don Aontas cur le feidhmíocht a chuid inniúlachtaí oibríochtúla SST.** Chuige sin, is gá dó an méid seo a leanas a áirithiú:

- go dtéann Comhpháirtíocht SST an Aontais i mbun na ngníomhaíochtaí is gá chun a bheith in ann gach réad 10 cm agus níos mó a bhrath.
  D'fhéadfaí a áireamh ar na **gníomhaíochtaí le haghaidh sócmhainní nua a fhorbairt**, mar shampla, braiteoirí spás-bhunaithe a fhorbairt i gcomhthéacs an Chláir um Nascacht Shlán, agus córais radair agus teileascóip níos feidhmiúla. Ní mór d'fhorbairt teicneolaíochtaí agus braiteoirí nua an úsáid is fearr is féidir a bhaint as sineirgí sibhialta agus cosanta.

- tá rochtain ag Comhpháirtíocht SST an Aontais ar níos mó sócmhainní SST atá suite taobh amuigh de mhór-roinn na hEorpa.
  Baineann an inniúlacht chun réada spáis a bhreathnú go héifeachtach go díreach le suí geografach na sócmhainní (radair, teileascóip agus léasair). Go dtí seo, tá sócmhainní AE suite den chuid is mó i mór-roinn na hEorpa. **A mhéid is féidir, ba cheart cumhdach na spéire a fheabhsú trí shócmhainní atá faoi rialú an Aontais agus atá suite taobh amuigh de mhór-roinn na hEorpa.**

Thairis sin, tá méadú tapa ar líon na satailítí atá á lainseáil agus ar dhlús na lainseálacha, rud a mhéadaíonn go huathoibríoch líon na bhfoláireamh a bhaineann le seachaint imbhuailtí agus ath-iontrálacha. Soláthraíonn Cuibhreannas SST an Aontais trí sheirbhís: Seachaint Imbhuailtí, rud a thacaíonn le hoibreoirí spásárthach chun cónaisc dá gcuid satailítí a bhainistiú le linn oibríochtaí gnácha agus speisialta, chomh maith le hAnailísiú Ath-Iontrála agus Anailísiú Bloghraithe. Tugtar isteach dhá sheirbhís bhreise le Rialachán an Spáis: Maolú agus Feabhsú[16].

Beidh gá leis na seirbhísí breise nua sin agus éabhlóid chun feidhmiúlacht na seirbhísí atá ann faoi láthair a uasghrádú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua sa spás, amhail meigea-bhuíonta satailítí. Agus í ag tógáil ar an obair atá déanta cheana ag Cuibhreannas SST an Aontais, ba cheart do Chomhpháirtíocht SST an Aontais a bheidh ann na seirbhísí breise a bhaineann le chur chuige AE i leith STM a fhorbairt. D'fhéadfadh na seirbhísí sin fónamh chun **tacú le hoibríochtaí maolaithe, agus chun oibríochtaí feabhsaithe agus oibríochtaí seirbhísithe le linn fithise a chomhlánú**, trí mhéadú a chur ar shábháilteacht oibríochtaí criticiúla, trí ardáin a fhorbairt le haghaidh cumarsáide agus comhordú oibreoirí satailíte atá cláraithe mar úsáideoirí SST an Aontais, agus trí thacaíocht teagmhasachta agus aimhrialtachta le linn fithise a sholáthar etc.

## 4.3 Teicneolaíochtaí nua a fhorbairt chun dul i ngleic le ceanglais STM

**Ba cheart dlús a chur le forbairt seirbhísí uathoibríocha seachanta imbhuailtí agus le húsáid na hintleachta saorga agus na teicneolaíochta candaim** chun déileáil leis an líon méadaithe réad spáis agus úsáideoirí SST an Aontais. Ina theannta sin, leis an mborradh a bheidh faoin líon oibreoirí go ginearálta beidh ar an Aontas a áirithiú go dtiocfaidh laghdú ar an ráta bréag-rabhaidh (líon na bhfoláireamh bréagach imbhuailte) chun aird a thabhairt ar na cónaisc is mó a chruthaíonn fadhbanna. Tabharfaidh an tAontas aghaidh ar na dúshláin theicneolaíocha sin trí ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha atá barr-riachtanach chun cáilíocht na seirbhísí SST a sholáthraítear a chothú.

[16] Féachann maolú smionagair spáis le giniúint smionagair spáis san am atá le teacht a laghdú agus féachann feabhsú smionagair le modhanna a fhorbairt chun an smionagar spáis atá ann cheana a bhainistiú.

Éileoidh sé sin **deiseanna cistithe atá ar fáil ar leibhéal an Choimisiúin agus na mBallstát a shlógadh**, lena n-áirítear cistiú sineirgí nó cistí Aontais agus náisiúnta a chumasc. D'fhéadfaí é sin a chomhlánú le cistí ó nGníomhaireacht Eorpach Spáis (GES) mar thacaíocht le beartas an Aontais, ar choinníoll go gcosnaítear leasanna slándála an Aontais agus a mBallstát.

Anuas air sin, is gá sineirgí a áirithiú idir gníomhaíochtaí taighde arna dtacú le Fís Eorpach[17] agus gníomhaíochtaí faoin **gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (EDIDP) agus faoin gCiste Eorpach Cosanta (EDF)**.

### 4.4 Buntáiste a bhaint as éiceachóras tionsclaíoch an Aontais

Tá baint dhíreach ag tionscal an Aontais le forbairt na n-inniúlachtaí oibríochtúla SST atá ann faoi láthair: Tá cuideachtaí ón Aontas rannpháirteach i nglaonna ar thairiscintí a fhoilsíonn baill Chuibhreannas SST an Aontais. Mar thoradh air sin, déantar suas le **75 % de na cistí a sholáthraíonn an tAontas do Chuibhreannas SST an Aontais a ligean ar fochonradh do thionscal an Aontais** [18]. Tá sé sin tar éis éiceachóras tionsclaíoch Eorpach a chruthú cheana timpeall SST ar cheart dó a bheith in ann rannchuidiú le cur chuige AE i leith STM.

Is gá a **áirithiú go mbaintear tairbhe as an acmhainneacht uile a thairgeann tionscal an Aontais, lena n-áirítear Spás Nua, agus é sin ag tógail ar na seirbhísí poiblí arna seachadadh ag SST an Aontais**. D'fhéadfadh Sonraí SST a bheith ina shár-dheis do thionscal an Aontais. **Le Rialachán an Spáis foráiltear go bhforbrófar catalóg SST an Aontais[19] faoi dheireadh 2024 ag úsáid braiteoirí SST an Aontais.** Bunófar an chatalóg sin[20] ar an obair a rinneadh le blianta beag anuas nuair a bunaíodh ardán roinnte sonraí SST an Aontais (bunachar sonraí SST an Aontais[21]). Mar thoradh ar fhorbairt inniúlachtaí oibríochtúla feabhsaithe SST agus ar fhorbairt sócmhainní breise suite taobh amuigh de mhór-roinn na hEorpa, cuirfear tuilleadh feabhais ar cháilíocht chatalóg an Aontais amach anseo. Cuirfear roinnt sraitheanna den chatalóg sin agus den ardán roinnte sonraí ar fáil do chuideachtaí ón Aontas le haghaidh gníomhaíochtaí taighde a bhaineann le seirbhísí STM breisluacha díorthaithe san Eoraip agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Ina theannta sin, is gá an t-idirphlé le tionscal an Aontais a bhaineann le SST a threisiú. Is é is aidhm dó **an úsáid is fearr a bhaint as inniúlachtaí agus nuálaíocht an Aontais i réimse SST**. Ba cheart é sin a dhéanamh trí ghníomhaíochtaí arna dtionscnamh ag Comhpháirtíocht SST an Aontais chun tairbhí acmhainneacht nuálaíochta thionscal an Aontais a bhaint. D'fhéadfaí a áireamh ar na bearta sonracha, mar shampla, **Laethanta Tionscail** rialta nuair a bheadh deis ag cuideachtaí teicneolaíochtaí agus inniúlachtaí nua a chur i láthair, nó amhail laistigh de chreat **thionscnamh CASSINI**,[22] haiceatóin thiomnaithe le haghaidh FBManna agus cuideachtaí tionscanta, glaonna, deontais, duaiseanna, etc.

[17] Sa doiciméad seo tagraíonn an téarma 'Fís Eorpach' don Chlár sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach agus don Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht; bíonn gníomhaíochtaí a dhéantar fúthu dírithe go heisiach ar fheidhmeanna sibhialtacha amháin.

[18] Glacann na heintitis rannpháirteacha de chuid Chuibhreannas SST an Aontais féin fuílleach 25 % na gcistí.

[19] Taifead comhsheasmhach agus stair de shonraí inrianaithe (e.g. Faisnéis faoin réad, sonraí tomhais, sonraí fithise, éiginnteacht) arna gcoinneáil ar bun ag córas uathúil.

[20] Ba cheart go mbeadh Catalóg SST AE ar fáil faoi dheireadh 2024.

[21] Is é bunachar sonraí SST an Aontais an t-ardán le haghaidh sonraí a roinnt, a stóráil agus a scaipeadh laistigh de SST an Aontais (e.g. faisnéis faoi réad, sonraí tomhais, sonraí fithise, iarrataí a dháileadh, catalóga náisiúnta agus SST an Aontais) agus nasctar é le hIonaid Oibríochtaí na mBallstát.

[22] https://ec.europa.eu/defence-industry-space/eu-space-policy/space-research-and-innovation/cassini-space-entrepreneurship-initiative_en

Le linn dóibh nuálaíocht a spreagadh, cothóidh na bearta sin Comhpháirtíocht SST an Aontais leis na forbairtí teicneolaíochta is déanaí.

**Gníomhaíocht 2:** Déanfaidh an Coimisiún, le tacaíocht Chomhpháirtíocht SST an Aontais, na nithe seo a leanas

a) feabhas a chur ar fheidhmíocht seirbhísí atá ann faoi láthair:

- faoi lár 2023 (céim ullmhúcháin) mionfhorbairt a dhéanamh ar anailís ailtireachta i gcomhair riachtanais STM sa todhchaí lena n-áirítear na hacmhainní is gá a shainaithint le haghaidh córas SST an Aontais níos éifeachtaí agus níos feidhmiúla a bheadh in ann gach réad is mó ná 10 cm a bhrath; agus

- faoi 2025 (céim cur chun feidhme), tús a chur le himlonnú seirbhísí breise.

b) seirbhísí nua a fhorbairt:

- faoi lár 2023, seirbhísí nua a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bheidh ag teacht chun cinn as STM;

- faoi 2025, bailíochtú a dhéanamh ar na seirbhísí nua a bheidh oibríochtúil.

c) teicneolaíocht a chothú:

- faoi dheireadh 2023, idirchaidreamh a dhéanamh le tionscal an Aontais chun fóram sonrach a bhunú maidir le cros-toirchiú teicneolaíochta agus nuálaíochta;

- faoi dheireadh 2023, plean mionsonraithe taighde a ullmhú ina ndíreofar ar theicneolaíochtaí nua; agus

- faoi dheireadh 2025, a phróiseas cur chun feidhme a mheasúnú.

**Gníomhaíocht 3:** Tionscnóidh an Coimisiún bearta sonracha laistigh de chreat CASSINI chun teacht i dtír go hiomlán ar acmhainneacht nuálaíochta cuideachtaí nua-thionscanta.

**Gníomhaíocht 4:** Tabharfaidh an Coimisiún, i gcomhar le Comhpháirtíocht SST an Aontais, rochtain do thionscal an Aontais ar na nithe seo a leanas:

- faoi 2023, codanna den ardán roinnte sonraí; agus

- faoi 2025, codanna de chatalóg SST an Aontais sa todhchaí.

## 5 GNÉITHE RIALÁLA STM A CHOTHÚ

Tugann cur chuige AE i leith STM aghaidh freisin ar ghnéithe rialála STM. Áireofar ann bearta neamh-cheangailteacha (caighdeáin agus treoirlínte) agus, mar aon leis sin, oibleagáidí ceangailteacha (reachtaíocht) ar leibhéal an Aontais.

## 5.1 Faireachán a dhéanamh ar fhorbairt chaighdeáin agus threoirlínte STM

Is iomaí sin **tairbhe a bhaineann le caighdeáin** do thionscal na hEorpa[23]. Tá sé d'aidhm ag caighdeáin STM arna bhforbairt ag páirtithe leasmhara an spáis idir-inoibritheacht agus sábháilteacht a áirithiú, costas a laghdú agus inlíochtaí sa spás a éascú. Cuidíonn caighdeáin le monaróirí costas a laghdú, teacht roimh cheanglais theicniúla agus táirgiúlacht, nuálaíocht agus éifeachtacht a mhéadú.

Tá earnáil an spáis an-teicniúil agus éilíonn sí go n-úsáidtear caighdeáin ag gach céim den luachshlabhra. Glacann comhlachtaí caighdeánaithe náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta caighdeáin spáis. Bíonn ról tábhachtach ag gníomhaireachtaí teicniúla NA maidir le caighdeáin earnálacha dhomhanda a bhunú. **Seachas na comhlachtaí traidisiúnta caighdeánaithe[24]**, **tá roinnt gníomhaithe sonracha** in earnáil an spáis[25]. Forbraítear treoirlínte a bhaineann leis an spás laistigh de chreat NA freisin , arb é 'treoirlínte NA maidir le hInbhuanaitheacht Fhadtéarmach' an sampla is déanaí díobh.[26] Bíonn tionchar díreach ag caighdeáin agus treoirlínte STM ar úsáid shábháilte agus inbhuanaithe an chianspáis.

Ba cheart don Aontas cur chuige coiteann AE a chothú i leith caighdeán ó tharla go mbíonn tionchar dáiríre acu ar mhúnlú chóras domhanda STM a bheidh ann sa todhchaí. I ndlúthchomhar leis na Ballstáit, bunófar **fóram sonrach** a fhéachann le chur chuige AE iomlánaíoch i leith STM a áirithiú sna fóraim idirnáisiúnta caighdeánaithe a bhíonn ag déileáil le STM. Beidh deis ag gníomhaithe eile an Aontais uile a bheith rannpháirteach, amhail Comhpháirtíocht SST an Aontais, tionscal an Aontais, etc.

## 5.2 Caighdeáin agus treoirlínte STM a fhorbairt agus a chur chun cinn

Ba cheart don Aontas éascaíocht a dhéanamh ar chaighdeáin agus treoirlínte STM a fhorbairt a fhéachann le húsáid shábháilte agus inbhuanaithe an spáis a áirithiú.

Ar an gcúis sin, ba cheart don Aontas **a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le caighdeáin agus treoirlínte STN a bhunú**. Ba cheart don Aontas **a bheith réamhghníomhach** ó thaobh caighdeáin idirnáisiúnta a fhorbairt nuair is féidir agus nuair is gá, agus ó thaobh a chuid caighdeáin AE féin a fhorbairt nuair is iomchuí. Ina theannta sin, ba cheart don Aontas tosaíocht a thabhairt do na caighdeáin agus treoirlínte is mó tionchar, agus **a gcur chun feidhme a chur chun cinn** trí bhosca uirlisí agus trí mholtaí.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **bosca uirlisí a fhorbairt** bunaithe ar chaighdeáin agus treoirlínte sainaitheanta STM a d'fhéadfadh cuidiú le Ballstáit nuair a dhéanann siad ceadúnais a dheonú le haghaidh soláthar seirbhísí a iarrann oibreoirí satailítí os cionn a gcríche. Tá sé d'aidhm aige a áirithiú go sainaithnítear agus go maolaítear rioscaí a bhaineann le spástrácht (cur isteach agus seachaint imbhuailtí go háirithe). Bheadh an cur chuige ar aon dul le Bosca uirlisí an Aontais le haghaidh shlándáil 5G[27].

---

[23] Ar an 2 Feabhra 2022, ghlac an Coimisiún Straitéis AE um Chaighdeánú: Caighdeáin dhomhanda a leagan síos chun tacú le margadh aonair an Aontais atá athléimneach, glas agus digiteach, COM(2022) 31 final, ina gcuirtear i dtábhacht an nasc idir caighdeánú agus cur chun cinn luachanna, ceannaireacht thionsclaíoch, an tírdhreach geopholaitiúil athraitheach, agus ról an Aontais mar ghníomhaí iontaofa le haghaidh caighdeáin dhomhanda a fhorbairt.

[24] Comhlachtaí Caighdeánaithe Náisiúnta, CEN/CENELEC agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú

[25] Amhail Comhar Eorpach le haghaidh Caighdeáin Spáis (ECSS), an Coiste Comhairliúcháin um Chórais agus Sonraí Spáis (CCSDS), agus an Coiste Comhordúcháin Idirghníomhaireachta um Smionagar Spáis (IADC).

[26] Treoirlínte maidir le hInbhuanaitheacht Fhadtéarmach Gníomhaíochtaí sa Chianspás, A/AC.105/2018/CRP.20, 27 Meitheamh 2018.

[27] Bosca uirlisí an Aontais le haghaidh shlándáil 5G | Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú (europa.ie)

Agus é ag obair go dlúth leis na Ballstáit i réimse an chaighdeánaithe, d'fhéadfadh an Coimisiún tacú le roghnú chaighdeáin agus treoirlínte STM a d'fhéadfaí a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais. D'fhéadfadh na caighdeáin sin a bheith bainteach, mar shampla, le húsáid gaireas chun rianú satailítí a éascú, foláireamh a thabhairt faoi aon mhór-imeacht nó ath-iontráil, chomh maith le forbairt treoirlínte le haghaidh chásanna speisialta STM, amhail satailítí nó buíonta satailítí neamh-innealta.

## 5.3 Caighdeáin agus treoirlínte STM a dhreasú

Chun go gcothófar úsáid na dtreoirlínte agus na gcaighdeán a mholtar ar leibhéal an Aontais, **cuirfear bearta dreasachta ar bun**. Mar shampla, déanfaidh an tAontas na nithe seo a leanas a mheas:

- **lipéad 'spás sábháilte'** a úsáid atá cosúil le coincheap an éicilipéid. D'fhéadfadh na cuideachtaí agus na hoibreoirí sin a bhaineann úsáid as an lipéad cur lena sciar den mhargadh trí ghéilleadh do chliaint atá leochaileach i leith oibríochtaí sábháilte agus inbhuanaithe sa spás;
- **critéir dhámhachtana** a chur in oiriúint chun úsáid na dtreoirlínte agus na gcaighdeán molta a chur chun cinn laistigh de na hionstraimí AE ábhartha (Horizon Europe, Space Programme Regulation, InvestEU, European Defence Fund, agus tionscnaimh spáis eile, etc.),
- **liosta cuideachtaí agus oibreoirí** a bhunú a chuireann treoirlínte agus caighdeáin STM chun feidhme.

D'éileodh aon uirlis dhreasaithe go mbunófaí **sásra chun maoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtreoirlínte agus na gcaighdeán molta**. Déanfaidh an tAontas, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, machnamh ar **shásra deimhniúcháin le haghaidh STM** a fhorbairt chun a bheith in ann bailíochtú a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtreoirlínte agus na gcaighdeán molta ag na cuideachtaí.

## 5.4 I dtreo oibleagáidí STM

**Sa ghearrthéarma, ba cheart oibleagáidí teoranta áirithe lena mbaineann costas teoranta don tionscal a bheartú.** Tá oibleagáidí áirithe á bhforchur ar gach oibreoir satailítí mar gheall ar an méadú ollmhór ar thrácht isteach sa spás agus amach as, mar gheall ar an líon satailítí sna fithisí éagsúla agus mar gheall ar an ngá le giniúint smionagair de bharr imbhuailtí breise a sheachaint. Dá bhrí sin, ba cheart a fhorchur le togra dlíthiúil go gcláróidh na hoibreoirí satailítí uile a sholáthraíonn seirbhísí laistigh den Aontas **le seirbhís seachanta imbhuailtí** a thairgeann leibhéal feidhmíochta atá ar a laghad comhchosúil leis na seirbhísí a thairgeann SST an Aontais faoi láthair.

Ina theannta sin, maidir leis na heintitis atá i gceannas ar sheirbhísí seachanta imbhuailtí, ba cheart go mbeadh fáil acu ar shásraí agus teagmhálaithe cumarsáide (i.e. eolaire oibreoirí) chun imeachtaí cónaisc a bhainistiú in éineacht le soláthraithe seirbhísí eile chun freagairtí tráthúla agus inlíochtaí comhordaithe seachanta imbhuailtí a áirithiú.

**Sa mheántéarma**, ba cheart cur chuige rialála níos cuimsithí i leith STM a fhorbairt, i gcomhairle leis an Ballstáit, chun réimsí ábhartha le haghaidh reachtaíochta a shainaithint, agus iomaíochas thionscal an Aontais á chaomhnú ag an am céanna, i gcomhréir le hinniúlachtaí an Aontais agus a Bhallstát faoi seach.

Ghlac roinnt Ballstát reachtaíocht náisiúnta maidir le STM. Tá Ballstáit eile ag meas na féidearthachta go nglacfar bearta náisiúnta. I gcás ina nglactar cur chuige ilroinnte i leith an spáis ar leibhéal an Aontais, ní hamháin go gcuirtear cosc ar theacht chun cinn margaidh inmheánaigh dea-fheidhmiúil atá tábhacht d'fhorbairt earraí agus seirbhísí an Aontais a bhaineann le húsáid an Spáis, ach freisin is féidir leis tionchair dhiúltacha a imirt ar bheartais eile an Aontais amhail an aeráid, an timpeallacht agus iompar, agus go háirithe eitlíocht, áit a bhfuil iarrachtaí á ndéanamh chun ilroinnt aerspás na hEorpa a laghdú. Is cosúil go bhfuil gá le cur chuige comhleanúnach ar leibhéal an Aontais. Chuige sin, agus bunaithe ar riachtanais **pháirtithe leasmhara an Aontais** agus ar na rialacha agus caighdeáin shainaitheanta, agus tar éis na Ballstáit a rannchuidiú sa phróiseas comhairliúcháin, ba cheart don Aontas **togra reachtach a dhéanamh lena gcumhdaítear rialacha STM**.

Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag an togra reachtach cothrom iomaíochta a fhorbairt ar leibhéal an Aontais, lena n-áiritheofaí nach ngearrfaí pionós ar na hoibreoirí is suáilcí. Ba cheart dó a áirithiú freisin nach mbeidh oibreoirí an Aontais thíos leis mar gheall ar shaobhadh iomaíochta ag oibreoirí atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhaineann tairbhe as caighdeáin is lú déine, mar shampla trí chóir chomhionann a fhorchur ar oibreoirí an Aontais agus ar aon oibreoirí satailítí a bheartaíonn seirbhísí a sholáthar laistigh den Aontas Eorpach.

Ó thaobh na substainte de, d'fhéadfaí an togra féideartha a theorannú go dtí ceanglais fhíor-riachtanacha STM a bhunú, agus na ceanglais reatha ar leibhéal an Aontais le haghaidh bainistiú aerthráchta á gcur san áireamh. Dá bharr sin, d'fhéadfadh na heagraíochtaí caighdeánaithe Eorpacha na ceanglais theicniúla ábhartha le haghaidh STM a fhorbairt i bhfoirm caighdeáin nó treoirlínte chomhchuibhithe, rud a thabharfadh deis d'oibreoirí a chruthú go bhfuil na ceanglais fhíor-riachtanacha sin á gcomhlíonadh.

**<u>Gníomhaíocht 5:</u>** Déanfaidh an Coimisiún agus an tArdionadaí, ag brath ar an inniúlacht AE atá i gceist agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, na nithe seo a leanas:

**-** faoi dheireadh 2023, an fóram is gá a bhunú chun a áirithiú go mbeidh faisnéis agus comhordú ar bun san Aontas maidir leis na caighdeáin agus treoirlínte a fhorbraítear ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Le tacaíocht ó Chomhpháirtíocht SST an Aontais, tionscal an Aontais agus GES, déanfaidh an fóram sin na nithe seo a leanas:

a) caighdeáin nua Eorpacha agus idirnáisiúnta a fhorbairt;

b) caighdeáin agus treoirlínte roghnaithe a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais; agus

c) bosca uirlisí a chruthú chun cúnamh a thabhairt do Bhallstáit maidir le hiarrataí ceadúnaithe ó oibreoirí satailítí.

**<u>Gníomhaíocht 6:</u>** Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, na nithe seo a leanas:

- faoi dheireadh 2023, bearta féideartha dreasaithe a shainaithint agus sásra deimhniúcháin a shainaithint i dtreo caighdeáin agus treoirlínte STM a chur chun feidhme

- faoi dheireadh 2024, sásra deimhniúcháin a bhunú agus bearta dreasachta a chur chun feidhme.

**<u>Gníomhaíocht 7:</u>** Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, na nithe seo a leanas

**-** faoi dheireadh 2023, tacar tosaigh teoranta oibleagáidí a mholadh;

- faoi lár 2024, réimsí féideartha a shainaithint le haghaidh reachtaíocht STM de chuid an Aontais agus

- faoi dheireadh 2024, togra a dhéanamh le haghaidh reachtaíocht STM de chuid an Aontais.

# 6 CUR CHUIGE AN AONTAIS I LEITH STM A CHUR CHUN CINN AR FUD AN DOMHAIN

Tá sé deo chuspóir ag **cur chuige AE i leith STM rannchuidiú le hiarracht dhomhanda**, ag cur inniúlachtaí agus uirlisí réigiúnacha atá ann faoi láthair ag obair le huaillmhian fhoriomlán i leith comhar domhanda. Is é sin ‘bealach seachtrach’ chur chuige AE i leith STM, lena gcuirfear chur cinn go gníomhach réitigh phragmatacha agus choincréiteacha i dtreo STM atá níos domhanda. Chomhlíonfadh sé sin croí-phrionsabail agus luachanna an Aontais maidir leis an gcianspás agus ag an am céanna chaomhnófaí a chuid leasanna taidhleoireachta, eacnamaíocha agus polaitiúla agus na leasanna sin de chuid a Bhallstát.

## 6.1 STM iltaobhach a chur chun cinn

Féachann chur chuige AE i leith STM le rannchuidiú le STM domhanda a bheidh á bhainistiú ar leibhéal idirnáisiúnta. Déanann an tAontas cheana na nithe seo a leanas:

- cuireann sé chun cinn **caomhnú timpeallachta spáis atá sábháilte, slán agus inbhuanaithe** agus úsáid shíochánta an chianspáis ar bhonn cothrom agus inghlactha go frithpháirteach;
- cuireann sé i dtábhacht an tábhacht a bhaineann le **trédhearcacht agus bearta cothaithe muiníne;** agus
- molann sé **iompar freagrach sa chianspás** laistigh de chreat na Náisiún Aontaithe.

Ag tógáil ar na prionsabail sin, beidh cur chuige AE i leith **STM i bhfabhar cur chuige iltaobhach i leith STM laistigh de chreat na Náisiún Aontaithe**. Mar chuid de chur chuige AE i leith STM, féachfaidh an tAontas le plé a chothú maidir le STM i bhfóraim ábhartha NA, go háirithe ag an gCoiste um Úsáid Shíochánta an Chianspáis (COPUOS), ach freisin ag an gComhdháil ar Dhí-Armáil agus é mar chuspóir an cheist a phlé ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe. Maidir le comhlachtaí ábhartha NA a d'fhéadfadh tacú nó rannchuidiú le gníomhaíochtaí den sórt, sainaithneoidh an tAontas iad agus rachaidh sé i gcomhairle leo. Mar shampla, tá an tAontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide bainteach cheana le bainistiú fithisí agus minicíochtaí a chomhdú, agus is gnách leis gníomhaíochtaí caighdeánaithe a láimhseáil i réimsí éagsúla. Tá an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta bainteach freisin le caighdeáin a fhorbairt i réimsí ina mbíonn oibríochtaí spáis ag idirghníomhú leis an eitlíocht shibhialta.

Dá nglacfadh an tAontas na Conarthaí agus Coinbhinsiúin ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis an spás, rud atá iarrtha agus ath-iarrtha ag Ballstáit, chuirfí le hinchreidteacht an Aontais maidir le húsáid inbhuanaithe an spáis, agus iompraíochtaí freagracha ann, a chur chun cinn, agus freisin neartófaí a sheasamh agus a dhlisteanacht ar an leibhéal idirnáisiúnta. Tá na rialacha idirnáisiúnta is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí spáis ar áireamh i gcúig choinbhinsiún idirnáisiúnta, dá dtagraítear go coitianta 'cúig chonradh na Náisiún Aontaithe maidir leis an gcianspás', nach dtugann aitheantas faoi láthair do rannpháirtíocht eagraíochtaí idirnáisiúnta. Ceadaítear an rannpháirtíocht sin leis an gComhaontú Tarrthála, leis an gCoinbhinsiún ar Dhliteanas agus leis an gCoinbhinsiún Clárúcháin, ach ní ar comhchéim le páirtithe Stáit. I bhfianaise na hinniúlachta comhthreomhaire a theachtann an tAontas i réimse an spáis in éineacht lena Bhallstáit, ba cheart tabhairt faoi ghníomhaíochtaí chun scrúdú a dhéanamh ar rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhaontú Tarrthála, sa Choinbhinsiún ar Dhliteanas agus sa Choinbhinsiún Clárúcháin, agus cosaint á tabhairt ag an am céanna do leasanna sonracha an Aontais a bhaineann leis an gClár Spáis a chur chun feidhme.

## 6.2 I dtreo rannchuidithe réigiúnacha STM le hiarracht dhomhanda

B'fhearr go hidéalach réimeas STM sa todhchaí a eagrú ar bhonn domhanda. Sa lá atá ann inniu is beag tír ar domhan atá in ann imlonnú a dhéanamh ar chóras SST a fheidhmíonn go domhanda agus atá in ann na seirbhísí is gá a phróiseáil chun STM a chur i gcrích, a bhfuil tuairisc air i gcaibidil 4, ná sainmhíniú agus faireachán a dhéanamh ar ghnéithe Rialála STM, a bhfuil tuairisc orthu i gcaibidil 5. Dá bhrí sin, is réiteach praiticiúil atá ar mhaithe le leasanna gach duine é go gcruthófaí comhpháirtíochtaí agus go roinnfí ualach STM trí inniúlachtaí agus noirm chomhlántacha.

Thairis sin, braitheann STM ar leibhéal áirithe muiníne i measc na náisiún spásródaíochta agus éilíonn sé córas iomarcacha. **Bealach pragmatach arna thógáil ón mbonn aníos is ea cur**

**chuige ina bhfuil rannchuidithe réigiúnacha** chun an mhuinín sin a chothú agus leis an iomarcaíocht is gá a áirithiú. Nuair a bheidh na heilimintí réigiúnacha éagsúla STM sách aibí agus sách cóineasaithe, agus nuair a bheidh comhthoil leordhóthanach ann maidir leis na rialacha agus caighdeáin éagsúla a bhfuil tuairisc orthu i gCaibidil 4, d'fhéadfadh comhpháirteanna réigiúnacha STM a bheith ina gcodanna de STM domhanda, leis an rialachas iomchuí fós le cinneadh.

Maidir le forbairt chuir chuige AE i leith STM laistigh den Aontas, níl ann an chéad chéim i próiseas níos ginearálta. Féachfar le cur chuige AE i leith STM a leathnú ón Aontas agus a Bhallstáit go dtí cur chuige ar fud na hEorpa, agus ar an mbonn sin tionscnófar próiseas ar an leibhéal idirnáisiúnta agus go déthaobhach. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin an coincheap a bhaineann le cur chuige iltaobhach le rannchuidithe réigiúnacha a chur chun cinn i measc comhpháirtithe seachtracha.

## 6.3 Idirphlé faoi phribhléid le SAM

Is é SAM an gníomhaí is faide chun cinn maidir le STM, tar éis dó na billiúin USD a infheistiú in inniúlachtaí SST le 20 bliain anuas. Mar thoradh air sin, tá an inniúlacht SST is fearr feidhmíocht ar domhan aige, agus roinneann sé a chuid sonraí ar fud an domhain. Trí Space Policy Directive 3, tá sé tar éis tosú ar chur chuige tiomnaithe a fhorbairt i réimse STM.

Cé nach mór don Aontas a chur chuige féin i leith STM a fhorbairt i dtosach, ní mór dó déanamh amhlaidh i ndlúthchomhar le SAM. Ag Cruinniú Mullaigh AE-SAM i Meitheamh 2021, chomhaontaigh an dá thaobh **ar mhalartú a dhéanamh maidir lena gcuir chuige i leith STM**. I ndáil leis an méid sin agus ag féachaint don chúlra ina bhfuil gníomhaíochtaí SAM maidir le STM ag dul i méid, scrúdóidh an Coimisiún agus an tArdionadaí **bealaí chun a áirithiú go mbeidh comhar níos dlúithe** agus idir-inoibritheacht agus comhlántacht fhrithpháirteach ann maidir le STM le SAM.

## 6.4 Idirphlé le tríú tíortha eile

Rachaidh an tAontas i mbun **taidhleoireacht ghníomhach a bhaineann le STM**. Ba cheart don idirphlé le comhpháirtithe idirnáisiúnta díriú ar ábhair shibhialta (e.g. oibríochtaí, cúrsaí caighdeánaithe, etc.) ach ba cheart dó gnéithe STM a bhaineann le slándáil agus cosaint a chur i dtábhacht freisin. Go háirithe, ba cheart go n-áireofaí air sin cur chuige AE i leith STM a chur chun cinn o thaobh **dearcthaí ábhartha amhail sábháilteacht oibríochtúil agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach** na timpeallachta fithise, lena n-áirítear trí **shuim a spreagadh i seirbhísí an Aontais** atá ar fáil do phobal domhanda níos leithne(e.g. SST an Aontais).

**<u>Gníomhaíocht 8:</u>** Rachaidh an Coimisiún agus an tArdionadaí, ag brath ar an inniúlacht AE atá i gceist agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, i gcomhar le NA chun comhlachtaí sonracha le haghaidh STM a shainaithint nó a chruthú d'fhonn réitigh choincréiteacha STM a chur chun feidhme ar leibhéal domhanda.

**<u>Gníomhaíocht 9:</u>** Faoi lár 2022, scrúdóidh an Coimisiún bealaí féideartha trína bhféadfadh an tAontas a bheith rannpháirteach i gComhaontú Tarrthála NA, sa Choinbhinsiún ar Dhliteanas agus sa Choinbhinsiún Clárúcháin, agus leasanna an Aontais á gcosaint ag an am céanna. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún anailís agus obair ar bhearta féideartha ba ghá chun na hoibleagáidí a chumhdaítear sna Coinbhinsiúin sin a chur chun feidhme.

**<u>Gníomhaíocht 10</u>:** Déanfaidh an Coimisiún agus an tArdionadaí, ag brath ar an inniúlacht AE atá i gceist agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, na nithe seo a leanas:

- cur chuige réigiúnach i leith STM a chur chun cinn le tríú páirtithe agus comhpháirtithe fóraim ábhartha réigiúnacha chun ullmhú i gcomhair córas domhanda STM a bhunú sa todhchaí bunaithe ar rannchuidithe réigiúnacha,

- dul i dteagmháil tuilleadh le SAM d'fhonn a áirithiú go mbeidh comhar níos dlúithe agus idir-inoibritheacht fhrithpháirteach ann maidir le hábhair a bhaineann le STM,

- aghaidh a thabhairt go córasach ar STM le linn idirphlé faoin spás le tríú tíortha.

# 7 CONCLÚID

Mar rannchuidiú Aontais i leith dúshlán domhanda beartais phoiblí, tá sé de chuspóir ag an Teachtaireacht Chomhpháirteach seo tús a chur le cur chuige AE i leith STM atá comhleanúnach agus comhordaithe le haghaidh an Aontais agus a Bhallstáit, agus seasamh AE maidir le STM a chur chun cinn i bhfóraim idirnáisiúnta agus iltaobhacha.

Ní mór don Aontas gníomhú anois – go mear, i gcomhar le chéile agus go daingean chun go n-úsáidfear an Spás ar bhealach sábháilte, slán agus inbhuanaithe. Moltar leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach cur chuig AE dinimiciúil agus athraitheach ina bhfuil roinnt bearta coincréiteacha STM, d'fhonn leasanna an Aontais agus a Bhallstáit a chaomhnú i gcomhlíonadh iomlán inniúlachtaí an Aontais agus a Bhallstát.

Cuimsíonn na bearta sin ceanglais shibhialta agus chosanta STM i leith an Aontais a mheasúnú, inniúlachtaí oibríochtúla an Aontais a fheabhsú chun tacú le STM ó thaobh seirbhísí agus teicneolaíochtaí, cothú gnéithe rialála STM a mbeidh reachtaíocht ábhartha mar thoradh air, agus cur chuige AE i leith STM a chur chun cinn ar fud an domhain.

Leis na hiarrachtaí sin cuirfear feabhas ar athléimneacht bhonneagar spáis an Aontais agus a Bhallstát ar a mbíonn ár sochaithe agus geilleagair ag brath, cuirfear cinnteacht níos fearr ar fáil d'oibreoirí, tacófar le hiomaíochas thionscal an Aontais, agus, in éineacht lenár gcomhpháirtithe, cuirfear rannchuidiú coincréiteach leis an iarracht dhomhanda maidir le seirbhísí agus feidhmeanna spáis a chothabháil sna blianta fada atá amach romhainn.